Foilsiú iarratais ar ainm a chlárú de bhun Airteagal 50(2)(a) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí

(2022/C 179/06)

Leis an bhfoilsiú seo, tugtar an ceart freasúra a thaisceadh de bhun Airteagal 51 de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [1] laistigh de 3 mhí ó dháta foilsithe an iarratais seo.

DOICIMÉAD AONAIR

"Nagykörűi ropogós cseresznye"

Uimh. AE: PGI-HU-02415 – 12 Aibreán 2018

STFC ( ) TGFC (X)

1. **Ainm nó ainmneacha [STFC nó TGFC]**

"Nagykörűi ropogós cseresznye"

2. **Ballstát nó Tríú Tír**

an Ungáir

3. **Tuairisc ar an táirge talmhaíochta nó ar an mbia-earra**

3.1. *Cineál táirge*

Aicme 1.6: Torthaí, glasraí agus gránaigh, iad úr nó próiseáilte

3.2. *Tuairisc ar an táirge lena mbaineann an t-ainm in (1)*

Féadtar an tásc geografach faoi chosaint (TGFC) "Nagykörai ropogós cseresznye" a úsáid le haghaidh an chineáil "Petrovay ropogós" agus na gcineálacha silíní seo a leanas atá aitheanta ag an Stát agus atá cláraithe i liosta náisiúnta na gcineálacha: "Badacsonyi óriás", "Bigarreau Burlat", "Carmen", "Jaboulay", "Hedelfingeni óriás", "Germersdorfi" agus a n-athraithigh chláraithe atá beartaithe lena gcaitheamh agus iad úr agus/nó lena bpróiseáil.

Tá na saintréithe cáilíochta seo a leanas ag "Nagykörai ropogós cseresznye":

— méid: mór nó an-mhór , a bhfuil trastomhas ó 26 go 38 mm orthu agus meáchan 10-13 g, ag brath ar fhás an bhia.

— cruth: croíchruth rialta air, gas meánfhada nó fada air ar furasta é a scaradh ón toradh.

— dath an chraicinn: ó ghlédhearg go beagnach dubh, ag brath ar an leibhéal aibíochta,

— an bia: é teann úrbhriosc, uigeacht dhlúth. Tá an toradh in ann an t-iompar agus an stóras a sheasamh go maith.

— blas: taitneamhach searbh agus milis

Tá na saintréithe ceimiceacha seo a leanas ag "Nagykörai ropogós cseresznye":

Cion siúcra: 14–18 ° Brix

Aigéadacht: 0,6–0,8 g/100 g

3.3. *Beatha (maidir le táirgí de thionscnamh ainmhíoch amháin) agus amhábhair (maidir le táirgí próiseáilte amháin)*

—

[1] IO L 343, 14.12.2012, lch. 1.

3.4. *Céimeanna sonracha sa táirgeadh nach mór a thógáil sa limistéar geografach sainithe*

Is sa limistéar geografach a shainítear i bpointe 4 a dhéantar "Nagykörűi ropogós cseresznye" a tháirgeadh agus a bhuaint.

3.5. *Sainrialacha maidir le slisniú, grátáil, pacáistiú, etc. an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

—

3.6. *Sainrialacha maidir le lipéadú an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

—

4. **Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach**

Tá limistéar táirgthe "Nagykörűi ropogós cseresznye" suite laistigh de theorainn riaracháin shráidbhaile Nagykörű.

5. **Nasc leis an limistéar geografach**

An nasc atá ag "Nagykörűi ropogós cseresznye" leis an limistéar geografach, is ar an gcáilíocht atá sé bunaithe.

Is mó ná an meán torthaí "Nagykörűi ropogós cseresznye". Tá blas taitneamhach milis is searbh ar "Nagykörűi ropogós cseresznye" a bhuí le cion ard siúcra agus aigéadacht chothrom. A úrbhrisce atá sé, mar gheall ar uigeacht theann an bhia, is é sin an difríocht idir é agus silíní a tháirgtear i limistéir gheografacha eile. Is féidir "Nagykörai ropogós cseresznye" a choinneáil úr sa chuisneoir ar feadh coicíse. A bhuí leis an mbia teann tá sé so-iompartha. Cuidíonn na hairíonna sin lena seilfré mhaith.

Tá Nagykörű suite i lár Chontae Jász-Nagykun-Szolnok ar an Machaire Mór, díreach ar an Abhainn Tisza. Is ó lár an ochtú haois déag atá torthaí agus fíonchaora á dtáirgeadh in úlloird agus fíonghoirt imfhálaithe. Go gairid ina dhiaidh sin cuireadh dlús le táirgeadh an tsilín a bhfuil clú agus cáil anois air ar fud an domhain agus is dá bharr sin a forbraíodh an silínghort is mó san Ungáir, arb é 200 heicteár a achar. Tá an silín le feiceáil ar armas an bhardais rud atá ina theist nach beag a thábhacht i ngeilleagar an bhardais. I lúba Abhann Tisza atá an limistéar geografach seo suite agus tá micrea-aeráid ar leith aige.

Is iad seo a leanas saintréithe geolaíocha, hidreagrafacha agus aeráide Abhantraí Nagykörű:

Ón uair nárbh ann don Mhuir Phanónach a thuilleadh, líonadh an limistéar le sil-leagan aibhneacha is foinse dóibh Sléibhte Mátra, limistéar a bhí á bhá níos tapa ná mar a bhí an timpeallacht thart air. Is é atá sa dromchla, go dtí na déaga de mhéadair, gaineamh, siolta agus cré tuilemhá Holaicéineaí de mhéideanna cáithníní éagsúla. Chomh maith leis sin, de bharr gurbh an do thuilemhá cheana, clúdaíodh na bruacha arda le lós insilte arna leagan síos ina dhiaidh sin le hithir ghlárach. An tuilemhá arb ann dí dá bharr sin, níl gréasán uisce dhromchla inti, agus meastar gurb idir 2 agus 4 m ar airde atá an clár screamhuisce i limistéir nach mbíonn tuilte iontu.

Ar phríomhthréithe staitistiúla na haeráide tá airmheán teochta bliantúil 10 °C; meánfhrasaíocht bhliantúil idir 300 mm agus 700 mm; 2 100 uair an chloig gréine agus meántaise choibhneasta bhliantúil 82 %.

Leis an ithir ghlárach ardchaighdeáin agus struchtúir éadroim a dtugtar tuairisc uirthi thuas féadann fréamhacha crainn toraidh a bheith ar aon mhéid leis an gcoróin agus féadann an crann uisce a thógáil ó na sraitheanna ithreach is doimhne. De bhrí go bhfuil an limistéar táirgthe suite gar d'Abhainn Tisza agus mar gheall ar an ithir ghlárach, tá buansoláthar uisce aige. Ciallaíonn sin gur mó ná an meán méid torthaí "Nagykörűi ropogós cseresznye" (26–38 mm ar trastomhas). Le líon ard na n-uaireanta gréine (2 100 in aghaidh na bliana) agus an ithir ghainmheach, a fhrithchaitheann teas na gréine, méadaítear cion siúcra an toraidh (14–18 ° Brix). Tá aigéadacht an toraidh cothromaithe (0,6–0,8 g/100 g) a bhuí leis an ithir sa limistéar a líonadh le sil-leagan aibhneacha a bhfuil a bhfoinse i Sléibhte Mátra. Is é a thagann as gnáthluachanna siúcra agus aigéadachta'Nagykörűi ropogós cseresznye'blas taitneamhach milis agus aigéadach.

Tá soláthar maith fosfair in ithir na tuilemhá mar a bhí. Tá éifeacht dheimhneach aige sin ar theinne agus ar ré stórais an bhia. Dá bharr sin, tá "Nagykörűi ropogós cseresznye" teann so-iompartha sostóráilte.

A bhuí leis an micrea-aeráid agus saintréithe na hithreach, is nuair a chuirtear “Petrovay ropogós” chomh maith le cineálacha eile a liostaítear i bpointe 3.2 agus athraithigh díobh sa limistéar geografach seo, agus sa limistéar seo amháin, a tháirgtear an toradh mór úrbhriosc glédhathach croíchruthach atá 26–38 mm ar trastomhas, ag teacht le saintréithe an chineáil agus a bhfuil blas taitneamhach milis is searbh air.

Anuas ar na dálaí nádúrtha áitiúla, is mór í tábhacht na tosca daonna; saineolas agus taithí na dtáirgeoirí áitiúla, go háirithe, arna gcur ar aghaidh ó ghlúin go glúin ar feadh 150 bliain, a bhaineann le bearradh, cosaint plandaí, ullmhú ithreach, soláthairtí cothaitheach, agus thar aon ní eile, an t-eolas atá acu ar an mbuaint agus ar shaintréithe sonracha na gcineálacha silín. Is de láimh a dhéantar an bhuaint. Is gá saineolas agus taithí mhór chun an toradh a bhrath agus na silíní atá sách teann aibí a roghnú. Ar na cúraimí atá ar Nagykörűi Virágzástól Befőzésig – Helyi Termék Klub és Turisztikai Egyesület [Ó Phlúr go Próca – Cumann Táirge Áitiúil agus Comhlachas Turasóireachta] áirítear an cineál áitiúil “Petrovay ropogós” a shaothrú, an phlandlann a rith agus ábhar atáirgthe a tháirgeadh. Feidhmíonn Nagykörűi Virágzástól Befőzésig – Helyi Termék Klub és Turisztikai Egyesület mar bhunachar eolais freisin agus cuirtear faisnéis ar fáil d’fheirmeoirí faoi chosaint plandaí agus faoina saothrú.

Tá an Fhéile Silíní (Cseresznyefesztivál) á reáchtáil i sráidbhaile Nagyköra i mí an Mheithimh gach bliain ó 1996 i leith agus ceiliúrtar ann teacht chun aibíochta na silíní. Tháinig forbairt uirthi le himeacht ama agus is imeacht traidisiúnta mórscála anois í a mbíonn sluaite móra daoine ag freastal uirthi (idir ceithre mhíle agus cúig mhíle duine).

“Silínghort na hUngáire” a tugadh ar Nagykörű i roinnt alt sna nuachtáin agus ar chláir raidió (Magyar Nemzet, 2003; Szabad Föld, 2007; Népszabadság, 2013; Kossuth Rádió, Hajnal-táj [Adhmhaidin tuaithe], an 12 Deireadh Fómhair 2018; Duna Tv Ízőrzők [Coimirceoirí na mblasanna], clár cultúrtha cócaireachta, an 5 Nollaig 2019). Chomh maith leis sin tá “Nagykörűi ropogós cseresznye” curtha i láthair ag cláir theilifíse ar na bealaí phoiblí agus na táirgí a dhéantar as an toradh, lena n-áirítear silíní triomaithe, subh, síoróip, tae gas silín, adhairt cloiche silín, pálinka silín [branda], cáiseanna silín thriomaithe, iógart gabhair agus silíní ann agus gallúnach ceardaíochta silíní. Ina theannta sin reáchtálann an bardas fóraim ghairmiúla do shaothróirí silíní.

Tagairt d’fhoilsiú na sonraíochta

https://gi.kormany.hu/foldrajzi-arujelzok